2024/2952

2.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2952 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Samhain 2024

lena leagtar síos teimpléad coiteann agus formáidí tuairiscithe leictreonacha le haghaidh chur i bhfeidhm Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le cur i láthair i dtuarascálacha maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na tuarascálacha gaolmhara de chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ([1]), ón gComhairle agus go háirithe Airteagal 48c(4) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 48b(1) de Threoir 2013/34/AE, cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar ghnóthais tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a tharraingt suas, a fhoilsiú agus a chur ar fáil a mhéid a bhaineann leis an mbliain is déanaí den 2 bhliain airgeadais as a chéile inar mó an t-ioncam comhdhlúite ar dháta a gcláir chomhardaithe ná EUR 750 000 000 san iomlán.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 48b(3), ní chumhdaítear gnóthais ná a ngnóthais chleamhnaithe a nochtann tuarascálacha áirithe i gcomhréir le hAirteagal 89 de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) leis an oibleagáid in Airteagal 48b(1) de Threoir 2013/34/AE.

(3) Chun a áirithiú go mbeidh na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 48b(1) de Threoir 2013/34/AE inchomparáide, tá an Coimisiún le teimpléad coiteann agus formáidí tuairiscithe leictreonacha a leagan síos sa Rialachán seo, ar cheart iad a bheith inléite ag meaisín. Beidh na teimpléid agus na formáidí tuairiscithe leictreonacha sin infheidhme freisin i gcásanna ina mbraitheann gnóthas ar sheachfhreastalaí arna rialú ag dlí Ballstáit chun a thuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a fhoilsiú agus a chur ar fáil.

(4) Leis an teimpléad coiteann dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart cur i láthair na faisnéise atá le nochtadh sa tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim de bhun Airteagal 48c, míreanna 2 agus 3 de Threoir 2013/34/AE a éascú. Agus an teimpléad agus na formáidí tuairiscithe á ndearadh, breithníodh an dul chun cinn i réimse an digitithe agus inrochtaineacht na faisnéise arna foilsiú ag gnóthais.

([1]) IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj.

([2]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj).

(5) Is cineál teanga marcála é XHTML (Teanga Mharcála Hipirtéacs Inbhreisithe) atá sainordaithe chun marcáil a dhéanamh ar thuarascálacha airgeadais bliantúla eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargaí rialáilte an Aontais de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún ([3]) maidir le formáid tuairiscithe leictreonach aonair. Sainordaítear XHTML freisin le haghaidh na ráiteas inbhuanaitheachta atá le tarraingt suas ag gnóthais áirithe de bhun Threoir 2013/34/AE, arna leasú le Treoir (AE) 2022/2464 ([4]) a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach. Dá réir sin, chun comhsheasmhacht a áirithiú, ba cheart na tuarascálacha maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 48b(1) de Threoir 2013/34/AE a tharraingt suas i bhformáid XHTML freisin.

(6) Is teanga mharcála atá inléite ag meaisín é XBRL (Teanga Tuairiscithe Gnó Inbhreisithe) lenar féidir méid mór faisnéise a phróiseáil go huathoibríoch, rud a áirithíonn inrochtaineacht agus inchomparáideacht sonraí. Tá XBRL seanbhunaithe agus in úsáid i roinnt dlínsí. Is caighdeán oscailte é Inline XBRL a cheadaíonn marcálacha XBRL a leabú i ndoiciméid XHTML. Cuireann Inline XBRL ar chumas an duine agus ar chumas an mheaisín araon faisnéis a léamh. Dá réir sin, ba cheart na tuarascálacha maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 48b(1) de Threoir 2013/34/AE a mharcáil agus caighdeán Inline XBRL á úsáid.

(7) Is éard atá i gceist le teanga mharcála XBRL a úsáid tacsanomaíocht a chur i bhfeidhm chun faisnéis atá inléite ag an duine a thiontú go faisnéis atá inléite ag meaisín. Chun inchomparáideacht agus inúsáidteacht na sonraí a áirithiú, sonraí a nochtar sa tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim agus a chuirtear i láthair agus úsáid á baint as an teimpléad coiteann agus as formáidí tuairiscithe leictreonacha, ba cheart na heilimintí sonraí atá le marcáil a shonrú sa tacsanomaíocht choiteann sin, ag féachaint do reachtaíocht eile de chuid an Aontais a bhaineann le tuairisciú de réir tíre. Cuireadh ordlathas na n-eilimintí agus a gcineál sonraí iomchuí ar fáil do ghnóthais i bhfoirm shimplí atá inléite ag an duine sa Rialachán seo. Ba cheart do ghnóthas a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis uile a cheanglaítear leis an Treoir agus a nochtar sa tuarascáil a mharcáil, i gcás ina gcomhfhreagraíonn sí do na heilimintí a leagtar amach sa bhuntacsanomaíocht.

(8) Is féidir le gnóthais tuarascáil a tharraingt suas ionas go dtuairiscítear an fhaisnéis a éilítear ar bhonn na dtreoracha tuairiscithe chun críoch cánach, dá dtagraítear i Roinn III, Codanna B agus C, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/16/AE ón gComhairle ([5]). I gcás den sórt sin, ba cheart do ghnóthais a áirithiú go gcuirfear na treoracha tuairiscithe i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis an bhfaisnéis uile sa tuarascáil. Leis an teimpléad tuairiscithe, ba cheart do gach gnóthas a bheith in ann a shonrú ar ullmhaíodh an tuarascáil ar bhonn na dtreoracha tuairiscithe dá dtagraítear i Roinn III, Codanna B agus C, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/16/AE ón gComhairle.

(9) Máthairghnóthas deiridh nó gnóthas saorsheasaimh nach rialaítear le dlí Ballstáit agus a chuireann tuarascáil ar fáil don phobal i gcomhréir le hAirteagal 48b(6) de Threoir 2013/34/AE, níl sé faoi oibleagáid an teimpléad agus na formáidí leictreonacha a leagtar amach sa Rialachán seo a úsáid. Chun Airteagal 48b(6) a chomhlíonadh, ba cheart do mháthairghnóthas deiridh nó do ghnóthas saorsheasaimh nach rialaítear le dlí Ballstáit a thuarascáil a chur ar fáil i bhformáid atá inléite ag meaisín agus fochuideachta nó brainse aonair a rialaítear le dlí Ballstáit a d'fhoilsigh tuarascáil sa Bhallstát sin a shainaithint inti. Mar sin féin, níl aon bhac ar mháthairghnóthas deiridh ná ar ghnóthas saorsheasaimh nach rialaítear le dlí Ballstáit ná ar a fhochuideachta nó a bhrainse aonair sainaitheanta arna rialú le dlí Ballstáit an tuarascáil a tharraingt suas i gcomhréir leis an teimpléad agus leis na formáidí leictreonacha a leagtar síos leis an Rialachán seo.

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaigh aonair (IO L 143, 29.5.2019, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/815/oj).

([4]) Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2464/oj).

([5]) Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 64, 11.3.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/16/oj).

(10) De bhun Airteagal 48b(4) de Threoir 2013/34/AE, ceanglaítear ar fhoghnóthais mheánmhéide agus mhóra áirithe arna rialú ag dlíthe náisiúnta Ballstáit agus ag máthairghnóthas deiridh nach bhfuil á rialú ag dlí Ballstáit, i gcás inar mó an t-ioncam comhdhlúite ar dháta a chláir chomhardaithe do gach bliain den dá bhliain airgeadais dheireanacha as a chéile ná EUR 750 000 000 san iomlán, tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a bhaineann leis an máthairghnóthas deiridh sin a fhoilsiú agus a chur ar fáil a mhéid a bhaineann leis an mbliain is déanaí den dá bhliain airgeadais sin as a chéile. Mura soláthraíonn an máthairghnóthas deiridh an fhaisnéis uile is gá, ceanglaítear ar na fochuideachtaí sin freisin ráiteas a tharraingt suas, a fhoilsiú agus a chur ar fáil lena léirítear nár chuir a máthairghnóthas deiridh an fhaisnéis riachtanach ar fáil. Agus tuarascálacha agus ráitis den sórt sin á dtarraingt suas, níor cheart na fochuideachtaí sin a chumhdach leis an oibleagáid an teimpléad coiteann agus an fhormáid tuairiscithe leictreonach a leagtar amach sa Rialachán seo a úsáid.

(11) De bhun Airteagal 48b(5) de Threoir 2013/34/AE, ceanglaítear ar bhrainsí áirithe a osclaíonn gnóthais i mBallstát nach rialaítear le dlí Ballstáit tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a fhoilsiú agus a chur ar fáil maidir leis an máthairghnóthas deiridh nó leis an ngnóthas saorsheasaimh dá dtagraítear in Airteagal 48b(5), an séú fomhír, pointe (a) den Treoir sin, a mhéid a bhaineann leis an mbliain is déanaí den 2 bhliain airgeadais dheireanacha as a chéile. Mura soláthraíonn an máthairghnóthas deiridh nó an gnóthas saorsheasaimh an fhaisnéis uile is gá, ceanglaítear ar na brainsí sin freisin ráiteas a tharraingt suas, a fhoilsiú agus a chur ar fáil lena léirítear nár chuir a máthairghnóthas deiridh an fhaisnéis riachtanach ar fáil. Agus tuarascálacha agus ráitis den sórt sin á dtarraingt suas, níor cheart na brainsí sin a chumhdach leis an oibleagáid an teimpléad coiteann agus an fhormáid tuairiscithe leictreonach a leagtar amach sa Rialachán seo a úsáid.

(12) De bhun Airteagal 48g de Threoir 2013/34/AE, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag ceanglais na Treorach sin maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a thuairisciú, ar a dhéanaí, ó dháta tosaithe na chéad bhliana airgeadais dar tús an 22 Meitheamh 2024 nó ina dhiaidh sin. Chun a ndóthain ama a thabhairt do ghnóthais an teimpléad coiteann agus na formáidí tuairiscithe leictreonacha dá dtagraítear in Airteagal 48c(4) de Threoir 2013/34/AE agus a leagtar síos sa Rialachán seo a chur chun feidhme, tá gá le hidirthréimhse.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an Treoir Chuntasaíochta.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leagtar síos leis an Rialachán seo an teimpléad coiteann agus na formáidí tuairiscithe leictreonacha, dá dtagraítear in Airteagal 48c(4) de Threoir 2013/34/AE, atá le húsáid chun an tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a chur i láthair.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim' tuarascáil arna tarraingt suas, arna foilsiú agus arna cur ar fáil de bhun Airteagal 48b(1) de Threoir 2013/34/AE, agus lena n-áirítear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 48c, míreanna (2) agus (3);

(2) ciallaíonn 'buntacsanomaíocht' tacar comhcheangailte na n-eilimintí tacsanomaíochta a leagtar amach i dtábla 2 d'Iarscríbhinn IV agus an bailiúchán nasc seo a leanas:

(a) bunachar nasc cur i láthair, ina ndéantar na heilimintí tacsanomaíochta a ghrúpáil le chéile;

(b) bunachar nasc ríomha, ina gcuirtear in iúl gaolmhaireachtaí uimhríochtúla idir eilimintí tacsanomaíochta;

(c) bunachar lipéad, ina dtugtar tuairisc ar bhrí gach eiliminte tacsanomaíochta;

(d) bunachar nasc sainmhínithe, lena léirítear gaolmhaireachtaí toiseacha na n-eilimintí buntacsanomaíochta;

(3) ciallaíonn 'formáid XHTML' cineál caighdeánach formáide i dTeanga Mharcála Hipirtéacs (HTML) a chomhlíonann an Teanga Mharcála Hipirtéacs Inbhreisithe (XHTML);

(4) Ciallaíonn 'Inline XBRL' sonraíocht de chaighdeán na Teanga Tuairiscithe Gnó Inbhreisithe (XBRL) arna fhorbairt ag XBRL International.

Airteagal 3

Teimpléad coiteann

Áiritheoidh gnóthais go gcomhlíonfaidh cur i láthair amhairc agus ábhar na tuarascála maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim na sonraíochtaí dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I.

Airteagal 4

Formáid an tuairiscithe leictreonaigh agus rialacha maidir le marcálacha

1. Agus an tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim á tarraingt suas, áiritheoidh gnóthais an méid seo a leanas:

(a) an fhormáid XHTML a úsáid agus marcálacha a leabú trí úsáid a bhaint as sonraíochtaí Inline XBRL, i gcomhréir leis na sonraíochtaí XBRL is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn II;

(b) marcáil nochtaí faisnéise ina n-úsáidtear an bhuntacsanomaíocht leis na heilimintí a liostaítear i dTábla 2 d'Iarscríbhinn IV, i gcomhréir leis na ceanglais maidir le marcáil agus comhdú a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

2. Gan dochar do na hoibleagáidí i mír 1, pointe (b), den Airteagal seo, féadfaidh gnóthais nochtaí faisnéise a mharcáil trí úsáid a bhaint as an mbuntacsanomaíocht leis na heilimintí a liostaítear i dTábla 3 d'Iarscríbhinn IV.

Airteagal 5

Forálacha idirthréimhseacha

Cuirfidh gnóthais an Rialachán seo i bhfeidhm maidir le tuarascálacha maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2025 nó ina dhiaidh sin.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Teimpléad coiteann le haghaidh na tuarascála maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim

TUARASCÁIL MAIDIR LE FAISNÉIS FAOI CHÁIN CHORPARÁIDE

i gcomhréir le caibidil 10a de Threoir 2013/34/AE

('tuairisciú de réir tíre')

Treoracha ginearálta maidir le tuairisciú

Cuirfear faisnéis a cheanglaítear le hAirteagal 48c de Threoir 2013/34/AE i láthair go físiúil i gcomhréir leis na sonraíochtaí a sholáthraítear sa teimpléad seo. Féadfar faisnéis bhreise a nochtadh sa tuarascáil, cibé acu i bhfoirm téacs, íomhánna nó modhanna eile.

Roinn 1

Faisnéis ghinearálta

Ainm mháthairchuideachta deiridh an ghrúpa/an ghnóthais saorsheasaimh	...
An tír ina bhfuil oifig chláraithe na máthairchuideachta deiridh	...
Bliain Airgeadais – dáta tosaigh	...
Bliain Airgeadais – dáta deiridh	...
Airgeadra tuairiscithe	...
An bhfuil an fhaisnéis sa tuarascáil bunaithe ar threoracha tuairiscithe a úsáidtear chun críoch cánach, de bhun Roinn III, Codanna B agus C, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/16/AE (tá/níl)?	...

Treoracha tuairiscithe sonracha le haghaidh Roinn 1

Comhfhreagróidh ainm mháthairchuideachta deiridh an ghrúpa/an ghnóthais saorsheasaimh don ainm a sholáthraítear i reachtanna nó in ionstraimí corpraithe an ghnóthais lena mbaineann an tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim.

Cé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh na treoracha tuairiscithe de bhun Roinn III, Codanna B agus C, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/16/AE ón gComhairle mar bhonn chun an tuarascáil a tharraingt suas, de bhun Airteagal 48c(3) de Threoir 2013/34/AE, léireofar é sin. Dhéanfaí é sin sa teimpléad trí 'úsáideadh' nó 'níor úsáideadh' a chuir sa bhosca iomchuí. I gcás ina roghnaíonn gnóthas tuairiscithe na treoracha sin a chur i bhfeidhm, beidh feidhm acu sin go comhsheasmhach maidir le Ranna 2 agus 3. Cuirtear san áireamh sna treoracha tuairiscithe sin caighdeáin ECFE i ndáil le gníomhaíocht 13 dá Phlean Gníomhaíochta um Chreimeadh an Bhoinn Cánach agus Aistriú Brabúis (BEPS)

Forléargas ar fhaisnéis de réir tíre

Dlínse chánach	Cód tíre	Ioncam	Brabús (caillteanas) roimh cháin ioncaim	Cáin ioncaim a íocadh – ar bhonn airgid	Cáin ioncaim a fabhraíodh — an bhliain reatha	Tuilleamh carntha	An líon fostaithe
1. Ainm iomlán an Bhallstáit nó dhlínse chánach A							
2. Ainm iomlán an Bhallstáit nó dhlínse chánach B							
3. ...							
Gach dlínse chánach eile (ar bhonn comhiomlánaithe)	-						

Treoracha tuairiscithe sonracha le haghaidh Roinn 2

Sa tábla, comhfhreagróidh líne ar leith do Bhallstát ar leith nó do dhlínse chánach ar leith, lena n-áirítear tír sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas Ballstát den Aontas Eorpach, mar a shainordaítear leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

Is féidir go leor colúin bhreise a chur isteach de réir mar is gá ar thaobh na láimhe deise den tábla, i gcás aon fhaisnéis bhreise a d'fhéadfadh gnóthas tuairiscithe a nochtadh.

Cuirfear an fhaisnéis a cheanglaítear leis an tríú fomhír d'Airteagal 48c(5) de Threoir 2013/34/AE i láthair i gcomhréir leis an gceannteideal 'Gach dlínse chánach eile (ar bhonn comhiomlánaithe)'. Nochtfar an fhaisnéis mar fhigiúr nialais nó mar 'nialas' má chumhdaíonn na dlínsí a nochtar líne ar líne gníomhaíochtaí uile an ghnóthais saorsheasaimh nó an mháthairghnóthais deiridh tuairiscithe.

Tuairisceofar méideanna síos go dtí an t-aonad gan aon scálú curtha i bhfeidhm, agus le cruinneas a mheasann an gnóthas tuairiscithe a bheith iomchuí. Mar shampla, thuairisceofaí ioncam EUR 1 234 567,89 mar EUR 1 234 568 (síos chuig an aonad, gan aon scálú). Le cruinneas go dtí an EUR 1 000 is gaire, dhéanfaí an méid a thuairisciú mar EUR 1 235 000.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2952/oj

IO L, 2.12.2024

Cás nach bhfuil an tuarascáil bunaithe ar threoracha tuairiscithe a úsáidtear chun críoch cánach, de bhun Roinn III, Codanna B agus C, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/16/AE ón gComhairle:

— Tuairisceofar ioncam i ndlínse le méideanna deimhneacha. Os a choinne sin, i gcás ina bhfuil ioncam diúltach foriomlán sa dlínse sin, tuairisceofar é sin le méideanna diúltacha.

— Tuairisceofar brabús roimh cháin ioncaim i ndlínse le méideanna deimhneacha. Os a choinne sin, i gcás ina bhfuil caillteanais fhoriomlána roimh cháin sa dlínse sin, tuairisceofar iad sin le méideanna diúltacha.

— Tuairisceofar cáin ioncaim a íoctar ar bhonn airgid i ndlínse le méideanna deimhneacha. Os a choinne sin, i gcás ina bhfuil glan-aisíocaíocht fhoriomlán cánach ioncaim sa dlínse sin, nó i gcás inar mhó aisíocaíochtaí cánach ioncaim ná íocaíochtaí cánach ioncaim sa bhliain airgeadais chéanna, déanfar cáin ioncaim a íocadh (ar bhonn airgid) a thuairisciú le méideanna diúltacha.

— Cáin ioncaim a fabhraíodh – le linn na bliana reatha i ndlínse, déanfar í a thuairisciú le méideanna deimhneacha i gcás ina gcomhfhreagraíonn sé sin don chostas cánach foriomlán a fabhraíodh sa dlínse sin. Os a choinne sin, i gcás ina bhfuil creidmheas cánach foriomlán a fabhraíodh sa dlínse sin, tuairisceofar na méideanna le méideanna diúltacha.

— Tuairisceofar tuilleamh carntha i ndlínse le méideanna deimhneacha i gcás ina bhfuil glanbhrabúis charntha ar an iomlán sa dlínse sin. Os a choinne sin, i gcás ina bhfuil glanchaillteanais charntha fhoriomlána sa dlínse sin, tuairisceofar tuilleamh carntha le méideanna diúltacha.

— Tuairisceofar an líon fostaithe i ndlínse le méideanna deimhneacha. Féadfar deachúlacha a thaispeáint de réir mar a mheasann an gnóthas saorsheasaimh nó an máthairghnóthas deiridh tuairiscithe a bheith iomchuí.

Cás ina bhfuil an tuarascáil bunaithe ar threoracha tuairiscithe a úsáidtear chun críoch cánach, de bhun Roinn III, Codanna B agus C, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/16/AE ón gComhairle:

— Áireofar faisnéis a bhaineann le gnóthais a mheastar nach bhfuil cónaí orthu in aon dlínse chánach chun críoch cánach sa líne 'Gach dlínse chánach eile (bonn comhiomlánaithe)'.

Roinn 3

Liosta fochuideachtaí agus gníomhaíochtaí

Ballstát nó dlínse chánach	Cód tíre	Ainm gach foghnóthais sa Bhallstát nó sa dlínse chánach	Tuairisc ghairid ar chineál na ngníomhaíochtaí sa Bhallstát nó sa dlínse chánach
1. Ainm iomlán an Bhallstáit nó dhlínse chánach A		Fochuideachta a Fochuideachta b Fochuideachta c	
2. Ainm iomlán an Bhallstáit nó dhlínse chánach B		Fochuideachta d Fochuideachta e Fochuideachta f	
3. ...	....	....	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2952/oj

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2952/oj

Treoracha tuairiscithe sonracha le haghaidh Roinn 3

Comhfhreagróidh na línte sa tábla do na línte a nochtar i Roinn 2 in aghaidh an Bhallstáit nó in aghaidh na ndlínsí cánach. Mar sin féin, ní gá an líne 'Gach dlínse chánach eile (ar bhonn comhiomlánaithe)' a áireamh sa tábla le haghaidh Roinn 3.

Nochtfar ainm na bhfoghnóthas sa Bhallstát nó sa dlínse chánach le haghaidh gach gnóthais fochuideachta arna chomhdhlúthú i ráitis airgeadais an mháthairghnóthais deiridh i leith na bliana airgeadais ábhartha, agus cuirfear i láthair é sa líne a chomhfhreagraíonn don Bhallstát nó do na dlínsí cánach ina bhfuil an fhochuideachta sin bunaithe. Ní gá bunaíochtaí, áiteanna seasta gnó ná buanghníomhaíochtaí gnó seachas iad sin a oibríonn trí fhoghnóthas a nochtadh.

Cás nach bhfuil an tuarascáil bunaithe ar threoracha tuairiscithe a úsáidtear chun críoch cánach, de bhun Roinn III, Codanna B agus C, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/16/AE ón gComhairle:

— Déanfar an 'Tuairisc ghairid ar chineál na ngníomhaíochtaí sa Bhallstát nó sa dlínse chánach' a tharraingt suas ar bhonn Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha (NACE), agus gníomhaíochtaí an ghrúpa nó na cuideachta saorsheasaimh sa tír ina hiomláine á gcur san áireamh. Mar shampla, agus na gníomhaíochtaí go léir i dtír ar leith á gcur san áireamh, i gcás ina gcumhdaítear leo roinn C agus roinn G d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, is é seo a leanas an téacs comhfhreagrach: 'monarú/mórdhíol agus miondíol; deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar'.

Cás ina bhfuil an tuarascáil bunaithe ar threoracha tuairiscithe a úsáidtear chun críoch cánach, de bhun Roinn III, Codanna B agus C, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/16/AE ón gComhairle:

— Nochtfar an fhaisnéis a cheanglaítear leis an líne dar teideal 'Tuairisc ghairid ar chineál na ngníomhaíochtaí sa Bhallstát nó sa dlínse chánach' ar bhonn an liosta seo a leanas de phríomhghníomhaíochtaí gnó, agus na gníomhaíochtaí uile i dtír ar leith á gcur san áireamh:

  — Taighde agus Forbairt

  — Sealbhú nó Bainistiú Maoine Intleachtúla

  — Ceannach nó Soláthar

  — Monarú nó Táirgeadh

  — Díolacháin, Margaíocht nó Dáileadh

  — Seirbhísí Riaracháin, Bainistíochta nó Tacaíochta

  — Soláthar Seirbhísí do Pháirtithe Neamhghaolmhara

  — Airgeadas Inmheánach Grúpa

  — Seirbhísí Airgeadais Rialaithe

  — Árachas

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).

— Scaireanna nó Ionstraimí Cothromais eile a shealbhú

— Díomhaoin

— Eile

— Cuir i gcás: 'Monarú nó Táirgeadh/Díolacháin, Margaíocht nó Dáileadh'. I gcás ina dtuairiscítear na gníomhaíochtaí mar 'Eile', ní gá tuilleadh tuairisce a thabhairt.

Roinn 4

Faisnéis a Fágadh ar Lár

Faisnéis a fágadh ar lár (más ann di) le haghaidh na bliana airgeadais seo:

.....

Faisnéis a fágadh ar lár i mblianta airgeadais roimhe sin, a nochtar sa bhliain airgeadais seo (más ann di):

.....

Treoracha tuairiscithe sonracha le haghaidh Roinn 4

Féadfar foráil a dhéanamh maidir leis an dlí náisiúnta is infheidhme de bhun Airteagal 48c(6) de Threoir 2013/34/AE maidir leis an gcumas faisnéis a fhágáil ar lár go sealadach.

I gcás ina bhfágfar faisnéis ar lár i gceachtar den dá thábla a leagtar síos i roinn 2 nó i roinn 3, nochtfar sin sa chéad bhosca i Roinn 4. I gcás gach míre a fágadh ar lár (más ann dóibh), soláthrófar sa bhosca tuairisc ar an mír sin chomh maith le míniú cuí-réasúnaithe maidir leis an gcúis ar fágadh ar lár í.

Maidir le faisnéis a fágadh ar lár i mbliain airgeadais roimhe sin agus a nochtar sa tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim don bhliain airgeadais reatha, soláthrófar an tuairisc ar gach mír sa dara bosca i Roinn 4, lena léirítear i gcás gach míre a nochtadh an bhliain airgeadais inar fágadh an fhaisnéis ar lár.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2952/oj

Roinn 5 (neamhéigeantach)

Mínithe maidir le neamhréireachtaí ábhartha idir an cháin ioncaim a íocadh agus an cháin ioncaim a fabhraíodh

Mínithe ar neamhréireachtaí ábhartha idir méideanna cánach ioncaim a fabhraíodh le linn na bliana airgeadais ábhartha agus méideanna cánach ioncaim a íocadh ar bhonn airgid mar a nochtar i Roinn 2, i gcás inarb infheidhme ar leibhéal an ghrúpa, agus méideanna comhfhreagracha a bhaineann le blianta airgeadais roimhe sin á gcur san áireamh i gcás inarb iomchuí:

.....

Treoracha tuairiscithe sonracha le haghaidh Roinn 5

Mura bhforáiltear a mhalairt leis an dlí náisiúnta is infheidhme, fágtar de rogha ag gnóthais tuairiscithe an fhaisnéis sin a sholáthar nó gan í a sholáthar. I gcás nach nochtfar aon fhaisnéis den sórt sin, féadfar an roinn seo a fhágáil ar lár. Luaitear an roinn seo sa teimpléad coiteann seo faoi threoir Airteagal 48c(7) de Threoir 2013/34/AE.

IARSCRÍBHINN II

Sonraíochtaí XBRL is infheidhme

1. Áiritheoidh gnóthais go mbeidh doiciméad ásc Inline XBRL bailí i ndáil le sonraíocht Inline XBRL 1.1 agus go mbeidh sé i gcomhréir le Clárlann Aonaid XBRL.

2. Soláthróidh gnóthais doiciméad ásc Inline XBRL mar chomhad XHTML saorsheasaimh. Is féidir iarmhír.html nó.xhtml a bheith ag doiciméad ásc Inline XBRL nuair a chuirtear isteach é.

3. Áiritheoidh gnóthais go mbeidh doiciméad ásc Inline XBRL ag cloí leis na ceanglais maidir le marcáil agus comhdú a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

Tá caighdeáin XBRL oscailte agus ceadúnaithe go neamhshrianta trí Chomhaontú Ceadúnais Idirnáisiúnta XBRL. Ceadaíonn XBRL International trádmharcanna cláraithe XBRL a úsáid i gcomhréir le Beartas Trádmharcanna XBRL International.

IARSCRÍBHINN III

Ceanglais maidir le marcáil agus comhdú

1. Agus faisnéis maidir le hairgeadra á nochtadh, úsáidfear cóid airgeadra ISO 4217:2015 ([1]).

2. Agus faisnéis maidir le cód tíre á tuairisciú, úsáidfear cóid tíre ISO 3166-1:2020 alpha-2 ([2]).

3. Agus faisnéis maidir le dátaí á tuairisciú, leanfaidh comhpháirt an dáta an dáta ISO 8601-1:2019 i bhformáid AUL BBBB-MM-LL ([3]).

4. Sainaithneoidh gnóthais iad féin i ndoiciméad ásc Inline XBRL trí úsáid a bhaint as aitheantóirí agus scéimeanna eintitis comhthéacs XBRL. Teaghrán carachtar a bheidh san aitheantóir lenar féidir an gnóthas tuairiscithe a shainaithint go huathúil agus comhfhreagróidh sé d'ainm na máthairchuideachta deiridh nó an ghnóthais saorsheasaimh mar a nochtar in Iarscríbhinn I, Roinn 1. De mhaolú ar an dara habairt den mhír seo, féadfaidh gnóthais ceann amháin de na haitheantóirí seo a leanas a chur in ionad an ainm:

   a) aitheantóir uathúil Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 16 de Threoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

   b) aitheantóir eintitis dhlítheanaigh comhlíontach ISO 17442, nó

   c) uimhir aitheantais chánach.

5. Áiritheoidh gnóthais go mbeidh sonraí gnóthais i ndoiciméad ásc Inline XBRL, ionas go mbeidh an t-ábhar céanna ag gach aitheantóir eintitis i gcomhthéacsanna.

6. Agus nochtaí á marcáil, úsáidfidh gnóthais eilimint na buntacsanomaíochta leis an mbrí is gaire don bhrí atá leis an nochtadh atá á mharcáil. I gcás inar cosúil go bhfuil rogha ann maidir le heilimintí na buntacsanomaíochta, roghnóidh eisitheoirí an eilimint leis an mbrí agus/nó leis an raon feidhme is cúinge.

7. Agus fíorais uimhriúla á nochtadh ag gnóthais, úsáidfidh siad eilimintí uimhriúla a liostaítear sa bhuntacsanomaíocht agus nochtfaidh siad luachanna beachta le haghaidh fíorais uimhriúla den sórt sin gan scálú. Féadfaidh gnóthais aon chruinneas a mheasann siad a bheith iomchuí a chur i bhfeidhm.

8. Agus nochtuithe á marcáil, úsáidfidh gnóthais eilimintí neamhuimhriúla a liostaítear sa bhuntacsanomaíocht ar bhealach ina marcálfar leo sin gach nochtadh a mheaitseálann brí na heiliminte faoi seach. Ní chuirfidh gnóthais na marcálacha i bhfeidhm ach go páirteach nó go roghnach.

9. Áiritheoidh gnóthais nach mbeidh cód inrite i ndoiciméad ásc Inline XBRL.

([1]) https://www.iso.org/standard/64758.html.
([2]) https://www.iso.org/standard/72482.html.
([3]) https://www.iso.org/obp/ui/en/#iso:std:iso:8601:-1:ed-1:v1:en.
([4]) Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (códú) (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1132/oj).

IARSCRÍBHINN IV

Eilimintí tacsanomaíochta

Tábla 1

Eochair eolais don chineál eiliminte agus dá tréithe

Cineál sonraí/aitreabúide	Sainmhíniú
abstract	léiríonn seo eilimint ghrúpála nó ceanntásc
date	léiríonn seo gur dáta é an cineál eiliminte; is míreanna líne neamhuimhriúla iad dátaí
instant or duration	léiríonn go dtaispeántar leis an luach airgeadúil nó mír líne uimhriúil stoc (meandrach) nó sreabhadh (fad)
line items	léiríonn seo eilimintí i sraitheanna tábla
table	léiríonn seo tús struchtúir a léirítear le tábla
text	léiríonn seo gur téacs é an cineál eiliminte (sraith de charachtair alfa-uimhriúla); úsáidtear é chun píosaí gearra d'fhaisnéis thuairisciúil a mharcáil; is míreanna líne neamhuimhriúla iad eilimintí téacs
text block	léiríonn seo gur bloc téacs é an cineál eiliminte; úsáidtear é chun píosaí níos faide d'fhaisnéis thuairisciúil a mharcáil; is míreanna líne neamhuimhriúla iad bloic théacs
true/false	léiríonn seo gur ráiteas fíor nó bréagach é an cineál eiliminte; is míreanna líne neamhuimhriúla iad ráitis fhíora/bhréagacha
typed axis	léiríonn seo maoin thoiseach i struchtúr tábla, i gcás ina sainítear an fhormáid le haghaidh maoin thoiseach den sórt sin sa tacsanomaíocht agus ina soláthraíonn gnóthas luach na maoine toisí sin sa tuarascáil
X	léiríonn seo gur cineál airgeadaíochta é an cineál eiliminte (uimhir in airgeadra dearbhaithe); is míreanna líne uimhriúla iad na heilimintí seo
X.XX	léiríonn seo gur luach deachúlaithe é an cineál eiliminte; is míreanna líne uimhriúla iad na heilimintí seo

Tábla 2

Liosta na n-eilimintí tacsanomaíochta

Ainm na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
AccumulatedEarnings	X instant	Label	Tuilleamh carntha	Airteagal 48c(2)(h), Treoir 2013/34/AE
AccumulatedEarningsOtherTaxJurisdictions	X instant	Label	Tuilleamh carntha, dlínsí cánach eile	Airteagal 48c(5), Treoir 2013/34/AE
ApplicationOfOptionToReportInAccordanceWithTaxationReporting-Treoracha	True/False	Label	Rogha tuairiscithe a chur i bhfeidhm i gcomhréir le treoracha tuairiscithe cánachais	Airteagal 48c(3), Treoir 2013/34/AE
		VerboseLabel	Cuirtear i bhfeidhm an rogha treoracha tuairiscithe dá dtagraítear i Roinn III, Codanna B agus C, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/16/AE ón gComhairle a úsáid	
CountryCodeOfMemberStateOrTaxJurisdiction	Text	Label	Cód tíre Ballstáit nó dlínse cánach	Airteagal 48c(5), Treoir 2013/34/AE
CountryOfRegisteredOfficeOfUltimateParentUndertaking	Text	Label	Tír oifig chláraithe an mháthairghnóthais deiridh	
		VerboseLabel	Tír ina bhfuil oifig chláraithe na máthairchuideachta deiridh	
DateOfEndOfFinancialYear	Date	Label	Dáta dheireadh na bliana airgeadais	Airteagal 48c(2)(a), Treoir 2013/34/AE
DateOfStartOfFinancialYear	Date	Label	Dáta tosaigh na bliana airgeadais	Airteagal 48c(2)(a), Treoir 2013/34/AE
DescriptionOfNatureOfActivitiesOfSubsidiaryUndertakingsInMem-berStateOrTaxJurisdictionExplanatory	Text block	Label	Tuairisc ar chineál ghníomhaíochtaí na bhfoghnóthas sa Bhallstát nó sa dlínse chánach [bloc téacs]	Airteagal 48c(2)(b), Treoir 2013/34/AE
		VerboseLabel	Tuairisc ghairid de réir tíre ar chineál na ngníomhaíochtaí sa Bhallstát nó sa dlínse chánach	

Ainm na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
DisclosureOfInformationOmittedForPreviousFinancialYearsExplanatory	Text block	Label	Nochtadh faisnéise a fágadh ar lár le haghaidh blianta airgeadais roimhe seo [text block]	Airteagal 48c(6), Treoir 2013/34/AE
DisclosureOfNamesOfSubsidiaryUndertakingsConsolidatedInFinancialStatementsOfUltimateParentUndertakingExplanatory	Text block	Label	Nochtadh ainmneacha foghnóthas arna gcomhdhlúthú i ráitis airgeadais an mháthairghnóthais deiridh [bloc téacs]	Airteagal 48c(2)(a), Treoir 2013/34/AE
		TerseLabel	Ainm na bhfoghnóthas arna gcomhdhlúthú i ráitis airgeadais an mháthairghnóthais deiridh	
DisclosureOfTypeOfInformationOmittedExplanatory	Text block	Label	Nochtadh an chineáil faisnéise a fágadh ar lár [text block]	Airteagal 48c(6), Treoir 2013/34/AE
		TerseLabel	Faisnéis a fágadh ar lár	
DisclosureOfTypeOfInformationOmittedOtherTaxJurisdictionsExplanatory	Text block	Label	Nochtadh an chineáil faisnéise a fágadh ar lár, dlínsí cánach eile [text block]	Airteagal 48c(6), Treoir 2013/34/AE
		TerseLabel	Faisnéis a fágadh ar lár, dlínsí cánach eile	
ExplanationOfAnyMaterialDiscrepanciesBetweenIncomeTaxPaidAndAccruedAbstract		Label	Míniú ar aon neamhréireacht ábhartha idir an cháin ioncaim a íocadh agus an cháin ioncaim a fabhraíodh [abstract]	
ExplanationOfAnyMaterialDiscrepanciesBetweenIncomeTaxPaidAndAccruedExplanatory	Text block	Label	Míniú ar aon neamhréireacht ábhartha idir an cháin ioncaim a íocadh agus an cháin ioncaim a fabhraíodh [text block]	Airteagal 48c(7), Treoir 2013/34/AE
ExplanationOfReasonForOmissionOfInformationExplanatory	Text block	Label	Míniú ar an gcúis leis an bhfaisnéis a fhágáil ar lár [text block]	Airteagal 48c(6), Treoir 2013/34/AE
GeneralInformationAbstract		Label	Faisnéis ghinearálta [abstract]	
IncomeTaxAccrued	X duration	Label	Cáin ioncaim a fabhraíodh	Airteagal 48c(2)(f), Treoir 2013/34/AE
		VerboseLabel	Cáin ioncaim a fabhraíodh — an bhliain reatha	

Ainm na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
IncomeTaxAccruedOtherTaxJurisdictions	X duration	Label	Cáin ioncaim a fabhraíodh, dlínsí cánach eile	Airteagal 48c(5), Treoir 2013/34/AE
		VerboseLabel	Cáin ioncaim a fabhraíodh (ar bhonn airgid) dlínsí cánach eile	
IncomeTaxPaidOnCashBasis	X duration	Label	Cáin ioncaim a íocadh (ar bhonn airgid)	Airteagal 48c(2)(g), Treoir 2013/34/AE
IncomeTaxPaidOnCashBasisOtherTaxJurisdictions	X duration	Label	Cáin ioncaim a íocadh (ar bhonn airgid), dlínsí cánach eile	Airteagal 48c(5), Treoir 2013/34/AE
ListOfSubsidiariesAndActivitiesAbstract		Label	Liosta fochuideachtaí agus gníomhaíochtaí [abstract]	
ListOfSubsidiariesAndActivitiesLineItems		Label	Liosta fochuideachtaí agus gníomhaíochtaí [line items]	
ListOfSubsidiariesAndActivitiesTable		Label	Liosta fochuideachtaí agus gníomhaíochtaí [table]	
NameOfMemberStateOrTaxJurisdictionTypedAxis	Typed axis	Label	Ainm an Bhallstáit nó na dlínse cánach [typed axis]	Airteagal 48c(5), Treoir 2013/34/AE
NameOfSingleSubsidiaryPublishingNonEUUndertakingReport	Text	Label	Ainm agus oifig chláraithe foghnóthais aonair a d'fhoilsigh an tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim gnóthais nach rialaítear le dlí Ballstáit	Airteagal 48b(6)(b), Treoir 2013/34/AE
NameOfSingleBranchPublishingNonEUUndertakingReport	Text	Label	Ainm agus seoladh brainse aonair a d'fhoilsigh an tuarascáil maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim gnóthais nach rialaítear le dlí Ballstáit	Airteagal 48b(6)(b), Treoir 2013/34/AE
NameOfUltimateParentOfGroupOfStandaloneCompany	Text	Label	Ainm mháthairchuideachta deiridh an ghrúpa/na cuideachta saorsheasaimh	Airteagal 48c(2)(a), Treoir 2013/34/AE
		VerboseLabel	Ainm mháthairchuideachta deiridh an ghrúpa/na cuideachta saorsheasaimh (comhlánaigh de réir reachtanna nó clár gnó)	
NumberOfEmployees	X.XX instant	Label	An líon fostaithe	Airteagal 48c(2)(c), Treoir 2013/34/AE
NumberOfEmployeesOtherTaxJurisdictions	X.XX instant	Label	An líon fostaithe, dlínsí cánach eile	Airteagal 48c(5), Treoir 2013/34/AE

Ainm na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
OmittedInformationAbstract		Label	Faisnéis a fágadh ar lár [abstract]	
OverviewOfAllocationOfElementsOnCountrybycountryBasisAbstract		Label	Forléargas ar leithdháileadh eilimintí de réir tíre [abstract]	
OverviewOfAllocationOfElementsOnCountrybycountryBasisAllOtherTaxJurisdictionsAggregatedBasisAbstract		Label	Forléargas ar leithdháileadh eilimintí de réir tíre, gach dlínse chánach eile (ar bhonn comhiomlánaithe) [abstract]	
OverviewOfAllocationOfElementsOnCountrybycountryBasisMemberStateOrTaxJurisdictionAbstract		Label	Forléargas ar leithdháileadh eilimintí de réir tíre, Ballstáit nó dlínse chánach [abstract]	
OverviewOfAllocationOfElementsOnCountrybycountryBasisMemberStateOrTaxJurisdictionLineItems		Label	Forléargas ar leithdháileadh eilimintí de réir tíre, Ballstáit nó dlínse chánach [line items]	
OverviewOfAllocationOfElementsOnCountrybycountryBasisMemberStateOrTaxJurisdictionTable		Label	Forléargas ar leithdháileadh eilimintí de réir tíre, Ballstáit nó dlínse chánach [table]	
ProfitLossBeforeTax	X duration	Label	Brabús (caillteanas) roimh cháin	Airteagal 48c(2)(e), Treoir 2013/34/AE
		VerboseLabel	Brabús (caillteanas) roimh cháin ioncaim	
ProfitLossBeforeTaxOtherTaxJurisdictions	X duration	Label	Brabús (caillteanas) roimh cháin, dlínsí cánach eile	Airteagal 48c(5), Treoir 2013/34/AE
		VerboseLabel	Brabús (caillteanas) roimh cháin ioncaim, dlínsí cánach eile	

Ainm na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
ReportingCurrency	Text	Label	Airgeadra tuairiscithe	Airteagal 48c(2)(a), agus Airteagal 48(c)8, Treoir 2013/34/AE
Revenues	X duration	Label	Ioncam	Airteagal 48c(2)(d), Treoir 2013/34/AE
		TerseLabel	Ioncam	
RevenuesOtherTaxJurisdictions	X duration	Label	Ioncaim, dlínsí cánach eile	Airteagal 48c(5), Treoir 2013/34/AE
		TerseLabel	Ioncam, dlínsí cánach eile	

Tábla 3

Liosta na n-eilimintí tacsanomaíochta

Ainm na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
Assets	X instant	Label	Sócmhainní inláimhsithe seachas airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	
AssetsOtherTaxJurisdictions	X instant	Label	Sócmhainní inláimhsithe seachas airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, dlínsí cánach eile	
Capital	X instant	Label	Caipiteal sonraithe	
CapitalOtherTaxJurisdictions	X instant	Label	Caipiteal luaite, dlínsí cánach eile	
LanguageOfReport	Text	Label	Teanga na tuarascála	
PublicSubsidiesReceived	X duration	Label	Na fóirdheontais phoiblí a fuarthas	
PublicSubsidiesReceivedOtherTaxJurisdictions	X duration	Label	Fóirdheontais phoiblí a fuarthas, dlínsí cánach eile	
RevenuesRelated	X duration	Label	Ioncam ó idirbhearta le páirtithe gaolmhara	
RevenuesRelatedOtherTaxJurisdictions	X duration	Label	Ioncam ó idirbhearta le páirtithe gaolmhara, dlínsí cánach eile	

Ainm na heiliminte	Cineál agus saintréithe na heiliminte	Cineál an lipéid	Ábhar an lipéid	Tagairtí
RevenuesUnrelated	X duration	Label	Ioncam ó idirbhearta le páirtithe neamhghaolmhara	
RevenuesUnrelatedOtherTaxJurisdictions	X duration	Label	Ioncam ó idirbhearta le páirtithe neamhghaolmhara, dlínsí cánach eile	